




QQI

Quality and Qualifications Ireland  
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Dearbhú Cáilíochta  
agus Cáilíochtaí Éireann

# Tuarascáil Bhliantúil 2018





# Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

### Clár

Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach ...	1
Maidir leis an QQI .....	3
Fís, Bunchuspóir, Luachanna agus Cuspóirí .....	5
Dul chun cinn i gcomparáid lenár gCuspóirí in 2018 .....	6
Rialachas .....	27
Struchtúir Rialachais Fo-Bhoird .....	29
Gnóthaí Corparáideacha .....	31
Aguisíní .....	35



# Réamhrá

## Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach




Léirítear sa tuarascáil bhliantúil seo don bhliain 2018 príomhghníomhaíochtaí an QQI ina chúigiú bliain ghnó, Is í an tuarascáil deiridh i dtréimhse dara ráiteas straitéise na heagraíochta 2016-2018. Is i mbliana a ceapadh an tAire Oideachais agus Scileanna cathaoirleacht nua an QQI, Ms Joanne Harmon, agus ceathrar comhalta nua ar an mBord: Mr Blake Hodgkinson, Ms Niamh O'Reilly, an tOllamh Irene Sheridan agus an Dr Anne Walsh. Bhí cúig chruinniú ag Bord an QQI i gcaitheamh na bliana. Tá a choistí ag obair agus ag tuairisciú i gcónaí don Bhord ar ghníomhaíochtaí na gcoistí. Cuirtear torthaí chruinnithe an Bhoird agus chruinnithe na gcoistí ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin na heagraíochta.

Ba in 2018, cheap agus d'fhoilsigh an QQI an tríú ráiteas straitéise – [Ráiteas Straitéise an QQI 2019-2021 – luach a chur le cáilíochtaí](#). D'athnuaigh an ráiteas sin misean, fíis agus luachanna an QQI agus glacadh ceithre thosaíocht, ag díriú ar: iomláine Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí (CNC); anailís agus tionchar beart chun cáilíocht a fheabhsú; comhoibriú agus teagmháil; agus cumas na heagraíochta a fhorbairt. Tugadh an ráiteas chun críche tar éis dul i gcomhairle go forleathan go himmheánach agus go seachtrach. Ba mhaith linn muinín a chothú i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna Éireannaí agus luach a chur le cáilíochtaí. Beidh rath na heagraíochta ag brath ar chomhoibriú rathúil le geallsealbhóirí agus ar chumas eagraíochtúil a fhorbairt chun inbhuanaitheacht, feabhsúcháin agus dea-rialachas a thacú.

Forbairt shuntasach ab ea é don earnáil oideachais agus oiliúna nuair a cheadaigh an QQI nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta (athbhunú caidrimh) na 16 Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) a bhí ina réamhriachtanas chun athbhreithniú institiúideach ar cháilíocht na BOOnna a fhorbairt agus a thabhairt isteach in 2020. I gcaitheamh na bliana, bhailíochtaíomar cláir nua printíseacha sa Cheantálaíocht agus i Seirbhísí Réadmhaoine, an Lámhbhúistéireacht, Monaróireacht Trealamh Bunaidh, agus an Chibearshlándáil.

Anuraidh freisin a foilsíodh an chéad cheann de dhá athbhreithniú cáilíocht ar institiúidí ardoideachais faoi phróiseas CINNTE. Sheol an QQI cruinnithe dialóige le linn cuairteanna ar na hollscoileanna, na hinstiúidí teicneolaíochta agus Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn.



Rud eile a d'fhoilsigh an QQI in 2017 ná athbhreithniú ar Chaighdeán Dámhachtana ar Leibhéal 1-3 den CNC, staidéar taighde ar Threochtaí agus Forbairt Idirnáisiúnta i gCáilíochtaí Breisoideachais agus anailís théamach ar thuarascálacha ar Chreidiúnú /Ceadú/Athbhreithniú ar Chláir Ardoideachais atá bailíochtaithe ag an QQI.

Athnuadh Meabhráin Tuisceana idir an QQI agus an tÚdarás um Ardoideachas agus an Hong Kong Council for the Accreditation of Academic and Vocational Qualifications (HKCAAVQ), agus idir an QQI agus an Quality Assurance Agency for Higher Education sa Ríocht Aontaithe (QAA). Síníodh meabhrán tuisceana idir an QQI agus an China Academic Degrees and Graduate Education Development Centre (CDGDC).

Cúis áthais ab ea é an líon daoine a d'fhreastail ar chomhdhála a d'eagraíomar ar an measúnú sa bhreisoideachas agus san ardoideachas, agus ar dhea-chleachtas i gcineálacha cur chuige mac léinn-lárnach i leith an oideachais. D'óstáil an QQI Fóram idir an Áise agus an Eoraip ar Cháilíocht agus Aitheantas in Ardoideachas Trasnáisiúnta agus an Chomhdháil Ghinearálta ar Líonra um Dhearbhú Cáilíochta Trasteorann na hÁise - na hEorpa (CBQAN).

Cuireadh tús le sainordú reachtach an QQI a nuashonrú nuair a tugadh an Bille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú) i Seanad Éireann isteach i mí Lúnasa. Tabharfaidh an reachtáíocht seo cumhachtaí nua don QQI chun earnáil mhúineadh an Bhéarla a rialú; chun géarscrúdú a dhéanamh ar oiriúnacht chorparáideach soláthraithe oideachais agus oiliúna; chun an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a bhronnadh ar sholáthraithe mhúineadh an Bhéarla agus an ardoideachais agus chun maoirsiú a dhéanamh ar chiste reachtúil do chosaint foghlaimeoirí.

Ms. Joanne Harmon - Cathaoirleach

An Dr Padraig Walsh - Príomhfheidhmeannach, QQI


# Maidir leis an QQI

Bunaíodh an QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012. Is gníomhaireacht stáit é, agus is é an tAire Oideachais agus Scileanna a cheapann baill neamhfheidhmiúcháin an Bhoird.

Táimid freagrach as dearbhú cáilíochta seachtrach a dhéanamh ar bhreisoideachas agus ardoideachas agus oiliúint in Éirinn Déanaimid cláir a bhailíochtú, dámhachtainí a dhéanamh agus táimid freagrach as an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a chur chun cinn, a chothabháil, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Ina theannta sin, cuirimid an pobal ar an eolas maidir le cáilíocht na gclár agus na gcáilíochtaí oideachais agus oiliúna, agus cuirimid comhairle ar an Aire maidir le beartas náisiúnta i dtaobh dearbhú cáilíochta agus breisiú an oideachais agus na hoiliúna.

Tá geallsealbhóirí againn i ngach earnáil oideachais agus oiliúna: foghlaimeoirí, soláthraithe, fostóirí, ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí maoiniúcháin, comhlachtaí rialála, comhlachtaí gairmiúla, comhlachtaí dáfa cáilíochtaí, an earnáil pobail agus deonach, comhlachtaí ionadacha agus comhlachtaí idirnáisiúnta atá freagrach as dearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí.





## Gluais na nAcrainmneacha

<b>ACELS</b>	The Accreditation and Coordination of English Language Services (Creidiúnú agus Comhordú Sheirbhísí Mhúineadh an Bhéarla)
<b>AIQR</b>	Annual Institutional Quality Reports (Tuarascálacha Bliantúla ar Cháilíocht Institiúideach) (AIQRanna)
<b>ARC</b>	Approvals and Review Committee (An Coiste um Cheaduithe agus Athbhreithnithe)
<b>CAS</b>	Common Awards System (An Córas Comhdhámhachtainí)
<b>CINNTE</b>	Timthriall athbhreithnithe an QQI ar institiúidí ardoideachais
<b>DAB</b>	Designated Awarding Bodies (Comhlachtaí Ainmnithe Dámhachtana)
<b>DES</b>	Department of Education and Skills (An Roinn Oideachais agus Scileanna)
<b>DIT</b>	Dublin Institute of Technology (Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath)
<b>DM</b>	Dialogue Meetings (Cruinnithe Dialóige)
<b>Eaquals</b>	Evaluation and Accreditation of Quality Language Services
<b>ELE</b>	English Language Education (Múineadh an Bhéarla)
<b>EMT</b>	Executive Management Team (An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin) QQI
<b>ENIC-NARIC</b>	European Network of Information Centre in the European Region - National Academic Recognition Information Centre
<b>EQF</b>	European Qualifications Framework (An Creat Eorpach um Cháilíochtaí)
<b>ESER</b>	Executive Self-Evaluation Report (Tuarascáil Feidhmiúcháin Féinmheastóireachta)
<b>ETB</b>	Education and Training Board (Bord Oideachais agus Oiliúna) (BOO)
<b>ETBI</b>	Education and Training Boards Ireland (Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann)
<b>FET</b>	Irish Further Education and Training (Breisoideachas agus Oiliúint)
<b>GDPR</b>	General Data Protection Regulation (Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)
<b>HE</b>	Higher Education (Ardoideachas)
<b>HEA</b>	Higher Education Authority (An tÚdarás um Ardoideachas)

# Fís, Misean agus Luachanna (2016-2018)

## ÁR bhFÍS

Deiseanna ardchaighdeáin forleathana oideachais agus oiliúna a bhfuil meas orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

## ÁR MISEAN

Is e ár misean:

- Breisiú na cáilíochta i gcórais bhreisoideachais agus oiliúna agus i gcóras ardoideachais agus oiliúna na hÉireann a chur chun cinn;
- Cáilíocht soláthraithe a dhearbhu; agus
- Tacú le córas cáilíochtaí atá ar leas foghlaimeoirí agus geallsealbhóirí eile agus an córas sin a chur chun cinn.

## ÁR LUACHANNA

**A bheith foghlaimeoir-lárnach:** An cultúr a chuirimid chun cinn i gcúrsaí oideachais agus oiliúna agus i gcáilíochtaí, is cultúr rochtana, freagrúlachta, solúbthachta, iontaoibh agus cáilíochta é. Cuirimid an foghlaimeoir i gceartlár obair na heagraíochta agus spreagaimid geallsealbhóirí chun déanamh amhlaidh.

**A bheith dírithe ar fheabhsú:** Is eagraíocht sinn atá ag foghlaim agus ag forbairt agus geallaimid caighdeán ár gcuid oibre a mheas agus a fheabhsú go leanúnach. Is é sin an buntaca leis na cineálacha cur chuige atá againn i leith cháilíochta an oideachais agus na hoiliúna a dhearbhu agus a chur chun cinn.

**A bheith comhoibritheach:** Téimid i gcomhar lenár ngeallsealbhóirí chun muinín a chothú i ndeiseanna oideachais agus oiliúna agus in aithint cáilíochtaí agus chun na deiseanna sin agus an t-aitheantas sin a fheabhsú.

**A bheith neamhspleách:** Cé go n-oibrímid laistigh de chreat ginearálta bheartas an Rialtais, is eagraíocht neamhspleách sinn ó thaobh ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus cinntí a dhéanamh. Cuirimid romhainn a bheith macánta, trédhearcach, cóir, cothrom, neamhchlaonta agus oibiachtúil.

**A bheith gairmiúil:** Caithimid le gach duine le meas, dínit agus cúirtéis. Comhlíonaimid na caighdeáin seirbhíse poiblí is airde maidir le bheith cuntasach, éifeachtach, freagrúil agus éifeachtúil.





# Dul chun cinn i gcomparáid lenár gCuspóirí in 2018

Féachaimid le cinntiú go gcuirimid seirbhís ardchaighdeán ar fáil a thugann luach ar airgead don cháiniócoir. In 2018, d'fhoilsíomar an bhliain deiridh dár Ráiteas Straitéise 2016-18 inar leagadh síos spriocanna agus cuspóirí an QQI sa tréimhse sin.

Sna ranna seo a leanas rianaítear an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na sé chuspóir amach go dtí deireadh 2018.

**SPRIOC 1: *Cinnteoimid, i gcomhar le geallsealbhóirí, go n-úsáidtear an CNC agus a cháilíochtaí chun cláir oideachais agus oiliúna a fhorbairt, a mbeidh cuspóirí soiléire gairme agus / nó oideachais agus torthaí foghlama leo ar mhaithe le roghanna eolacha gairme agus roghanna eile.***

## An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí

Bunaíodh Creat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann in 2003 mar aonán aonair náisiúnta deich leibhéal, trína bhféadfaí gach gnóthachtáil foghlama a thomhas agus a chur i gcomparáid le gnóthachtáil eile; is fearr cáilíochtaí na hÉireann dá bharr agus tá siad níos iniompartha.

Tá CNC na hÉireann bunaithe ar phrionsabail dearbhaithe cáilíochta, agus déantar cur síos ann ar cháilíochtaí i gcóras oideachais agus oiliúna na hÉireann agus leagtar amach ann an méid is gá d'fhoghlaimoir a bheith ar eolas acu, a thuiscint agus a bheith in ann a dhéanamh in aon cháilíocht. Leagtar amach ann, leis, na cosáin cháilíochtaí ó leibhéal amháin den CNC go leibhéal eile.

Nochtadh san athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar an CNC go bhfuil tionchar dearfach ag an CNC ag fhoghlaim ar feadh an tsaoil, soghluaisteacht cáilíochtaí, meaitseáil scileanna, aitheantas do cháilíochtaí eachtracha agus do cháilíochtaí Éireannacha thar lear. Mar sin féin, ní féidir talamh slán a dhéanamh de agus ní mór leanúint den obair chun go mbeidh an CNC bainteach i gcónaí le domhan na gcáilíochtaí agus na scileanna. Mar sin, is é ár ról feasacht agus úsáid níos forleithne a chothú agus a chinntiú go dtuigeann gach duine a bhfuil i gceist ann. Chun cothrom cúig bliana déag den CNC a chomórath, d'fhoilsíomar [grafaic faisnéise idirghníomhach](#) ina leagtar amach an fhorbairt a rinneadh ar an CNC ó tugadh isteach é.

In 2018, d'fhoilsíomar [At A Glance: Policy Impact Assessment of the NFQ \(In Amharc Amháin: Measúnú ar Thionchar Beartais ar an CNC\)](#) i bhformáid grafaic faisnéise a thug eolas ar chúla ar athbhreithniú den CNC, an mhodheolaíocht taighde, na príomhthorthaí agus na himpleachtaí beartais.

Úsáideadh torthaí ó mheasúnacht tionchair mar bhonn le treo straitéiseach an QQI maidir leis an CNC, rud a léirítear sa Ráiteas Straitéise 2019-2021, agus sa phlean oibre aontaithe 2018-2020 don Chreat Eorpach um Cháilíochtaí - Pointe Comhordaithe Náisiúnta.

## Aitheantas Frithpháirteach do Cháilíochtaí a Chur chun cinn leis na Creataí Cáilíochta

In 2018, d'fhoilsigh an QQI an treoir d'úsáideoirí dar teideal [Comparing Qualifications in Ireland and Hong Kong](#) (Cáilíochtaí a chur i gcomparáid in Éirinn agus i Hong Cong). Is as an tSín a thagann formhór na mac léinn nach den AE iad atá ag staidéar i gcóras oideachais na hÉireann, agus is geata isteach sa tSín é Hong Cong. Cuireann an treoir seo aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí chun cinn, rud a éascóidh soghluaisteacht foghlaimoirí agus fostóirí idir Éire agus Hong Cong. Tríd an Chreat Eorpach um Cháilíochtaí a úsáid mar ghreille aistriúcháin, mínítear córais na hÉireann agus Hong Cong sa treoir. Cabhróidh sé le mic léinn, fostóirí agus páirtithe leasmhara eile cáilíochtaí a fuarthas i gceachtar dlínse a thuiscint agus a chur i gcomparáid. Tá tionscadal den sórt céanna ar siúl leis an Nua-Shéalainn, i bhfianaise stair fhada na soghluaisteachta margaidh oibre idir Éire agus an Nua-Shéalainn Déanann na tionscnaimh seo inchreidteacht chóras cáilíochtaí na hÉireann a bhunú agus a fheabhsú i measc páirtithe tábhachtacha idirnáisiúnta.

Chomh maith leis sin, tá an QQI, atá ainmnithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna mar Phointe Comhordaithe Náisiúnta an Chreat Eorpaigh um Cháilíochtaí, páirteach i roinnt gníomhaíochtaí trína gcuirtear CNC na hÉireann chun cinn go hidirnáisiúnta, trína neartaítear an comhoibriú le creataí cáilíochtaí eile agus i dtionscnaimh éagsúla Eorpacha. Mar an Chreat Eorpach um Cháilíochtaí - Pointe Comhordaithe Náisiúnta, ghlac an QQI páirt i gceithre chruinniú den Ghrúpa Comhairleach den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí le linn 2018. Tá an Grúpa Comhairleach den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí freagrachas as Togra AE (2017) a chomhordú ar an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí.

Ghlac an QQI páirt i ngníomhaíocht phiarfhoghlama den Fhondúireacht Eorpach Oilíúna ar an tsli le córais cháilíochta agus cáilíochtaí a chur in iúl (Turin, Feabhra 2018); rinneadh machnamh ar na dúshláin a ghabhann le tionchar an chreata cáilíochtaí a thomhas ([Ljubljana, Bealtaine 2018](#)); cuireadh deiseanna foghlama beartais chun cinn ó thaithí na hEorpa ag comhdháil [UNESCO agus Iarthar na hAfraice](#) ar chreataí cáilíochtaí; comhoibríodh go dlúth le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar thionscadal [NQF-IN \(Samhlacha eagraíochtúla agus airgeadais a cheapadh chun cáilíochtaí neamhfhoirmiúla earnála a chur san áireamh i gCreataí Náisiúnta Cáilíochtaí\)](#) (Baile Átha Cliath, Márta 2018 agus Vársá, Meitheamh 2018) agus chomhroinneamar ár dtaithe ar bheartas agus cleachtas CNC a chur i bhfeidhm le linn Cuairt na Toscaireachta faoi Thionscadal CNC-na hIordáine [ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh](#) (Corcaigh, Meán Fómhair 2018) i measc mórchuid eile.

Cuid d'fheidhm reachtúil an QQI is ea é CNC na hÉireann a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Anuraidh, chomhlíonamar é sin trí chomhar le comhlachtaí idirnáisiúnta ar cháilíochtaí agus trí fheasacht agus tuiscint níos fearr ar chreataí cáilíochtaí a chur chun cinn.



## DÁMHACHTAINÍ AN QQI

### Rochtain Tosaigh ar Bhailíochtú

Seo an próiseas trínar féidir le soláthraithe nár bhailíochtaigh an QQI clár dá gcuid cheana iarratas a dhéanamh ar mheasúnú ar a gcumas eagraíochtúil agus ar a nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta i gcomparáid le treoirlínte agus beartas bailíochtaíthe an QQI.

Próiseáladh cúig iarratas in 2018. Ba iad seo na torthaí:

- Ceadaithe – 1
- Diúltaithe le moltaí – 3
- Ceadú diúltaithe - 1

### An Próiseas chun Caidreamh a Athbhunú

Seo an próiseas trínar féidir le soláthraithe ar bhailíochtaigh an QQI clár dá gcuid cheana iarratas a dhéanamh ar mheasúnú ar a gcumas eagraíochtúil agus ar a nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta i gcomparáid le treoirlínte agus beartas bailíochtaíthe an QQI. Ba iad seo na chéad iarratais den sórt sin a próiseáladh.

Próiseáladh trí iarratas in 2018 agus tugadh chun críche iad. Ba iad seo na torthaí:

- Soláthraithe ardoideachais – 2 cheadú
- Soláthraithe breisoideachais – 1 cheadú

### Clárbhailíochtú

Is é Clárbhailíochtú an próiseas trína measúnaíonn an QQI cláir soláthraithe i gcomparáid le critéir fhoilsithe. Is féidir cláir nua a bheith i gceist anseo nó cláir leasaithe tar éis athbhreithniú, a cuireadh isteach le haghaidh Athbhailíochtú.

Próisis	2018
Bailíochtú do Chláir nua ardoideachais:- Bailíochtaíthe	44
Bailíochtú do Chláir nua ardoideachais:- Diúltú Bailíochtaíthe	1
Athbhailíochtú Ardoideachais*:- Bailíochtaíthe	98
Bailíochtú do Chláir nua bhreisoideachais:- Bailíochtaíthe	80
Bailíochtú do Chláir nua bhreisoideachais:- Diúltú Bailíochtaíthe	4

\* Áirítear air cláir a athbhailíochtaíodh trí fhad a chur leis an tréimhse reatha bailíochtaíthe.

## Bailíochtú Printíseachtaí

In 2018, bailíochead ceithre chlár nua breisoideachais printíseachta.

## An tAm a Thóg an Próiseas Bailíochtaithe

Féachann an QQI chuige go gcinntear 90% de na hiarratais ar bhailíochtú laistigh de 25 seachtaine. Tomhaistear an t-am idir an dáta ar a bhfaightear an t-iarratas iomlán agus dáta Chinneadh an Choiste Feidhmiúcháin Clár agus Dámhachtainí.

I gcaitheamh 2018, ba é 15.2 seachtaine an fad meánach, agus ba é 33 seachtaine an t-achar ab fhaide. Próiseáladh 93% de na hiarratais in 25 seachtaine nó níos lú.

## Grafaic faisnéise don phróiseas bailíochtaithe

Ag leanúint as an rath a bhaineann Grafaic Faisnéise [leathanach gréasáin](#) do dhámhachtainí agus sonraí teastaithe. Sheol an QQI an chéad chéim de [Ghrafaic Faisnéise maidir le Bailíochtú](#) ag taispeáint miondealú grafach ar shonraí fhad an phróisis.

## Mionteagasc/Comhairliú


D'eagraigh Dearbhú Cáilíochta an QQI roinnt seisiún oiliúna/mionteagasc do sholáthraithe agus do dhaoine eile i gcaitheamh 2018. Taispeántar thíos topaicí agus líon na soláthraithe a d'fhreastail orthu:

Caidreamh a athbhunú – Iarobair ar an bPíolóta	14
Caidreamh a athbhunú – Mionteagasc do sholáthraithe ar an tslí le hiarratas a ullmhú	38
Clár bhailíochtú – Mionteagasc do sholáthraithe breisoideachais ar an tslí le hiarratas a ullmhú	15
Clár bhailíochtú – Mionteagasc do sholáthraithe ardoideachais ar an tslí le hiarratas a ullmhú	49
Athbhreithniú agus athbhailíochtú ar chlár – Mionteagasc do sholáthraithe ardoideachais	27
Bailíochtú – Mionteagasc do sholáthraithe breisoideachais ar Bheartas Bailíochtaithe 2016	50
Measúnú – Impleachtaí Bhreithiúnas Nowak ar GDPR do sholáthraithe	24
Rochtain Tosaigh ar Bhailíochtú – Mionteagasc do Sholáthraithe Iarratais	23

## Teastasú

Fuair 135,365 foghlaimoir teastas 226,438 dámhachtain QQI ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí in 2018. Baineadh amach na dámhachtainí ar gach ceann de dheich leibhéal an CNC, agus an líon is mó acu ag leibhéal 5.

## Dámhachtainí an QI in 2018 (de réir cineál dámhachtana agus de réir leibhéal an CNC).



Ní áirítear sna táblaí dámhachtainí a fuarthas trí sholáthraithe a bhfuil údarás tarmlichte acu.

Eochair – Cineál Dámhachtana (■ Mór, ■ Mion, ■ Sainchuspóra, ■ Forlíontach)

## Athbhreithniú ar Dhámhachtainí agus Caighdeáin

Geallaimid caighdeáin an CNC a fhorbairt d'fhostóirí, d'fhoghlaimoirí, do chomhlachtaí dámhachtana agus don lucht déanta beartas. Déanaimid amhlaidh trí na caighdeáin dámhachtana atá anois ann a athbhreithniú agus caighdeáin nua dámhachtana a fhorbairt nuair is cuí.

In 2018, thionscnaíomar athbhreithniú agus forbairt ar:

- Caighdeáin bhreiseoideachais ar leibhéal 1-4 den CNC

Meastar go mbeidh na nithe seo a leanas ar na nithe inseachadta ón tionscadal seo:

- Croí-caighdeáin ghinearálta a bheidh ailínithe leis an Moladh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar an 22 Bealtaine 2018 maidir le príomhinniúlachtaí le haghaidh foghlaim ar feadh an tsaoil
- Caighdeáin shonracha gairme sna disciplíní seo a leanas: eolaíocht, gairneoireacht, talmhaíocht, foirgníocht agus innealtóireacht; mínealaíon agus ceirdeanna; seirbhísí fáilteachais agus pearsanta, teangacha; miondíol, obair riaracháin agus oifige; obair chúraim agus pobail; TFC.
- Caighdeáin don Luath-Fhoghlaim agus don Luathchúram.

Ceapadh critéir chun deireadh a chur le Caighdeáin an Chomhchórais Dámhachtainí nach raibh á n-úsáid mórán nó ar chor ar bith. Tá sé sceidealta caighdeáin an Chomhchórais Dámhachtainí ina n-úsáidtear mórán nó ar chor ar bith a aithint agus a scor in 2019.

Leasáidh Múineadh an Bhéarla, leis, mar chaighdeán dámhachtana don dara teanga nó do theangacha eile ar Leibhéal 6-9.

I mí Dheireadh Fómhair 2018, d'fhoilsíomar [Treochtaí agus Forbairtí i gCáilíochtaí Breisoideachais](#). Bhí cúlra agus comhthéacs sa pháipéar sin chun tacú le Páipéar Uaine ar thodhchaí cáilíochtaí.

## Forbairt Beartais

In 2018, d'fhoilsíomar na beartais agus na doiciméid seo a leanas a bhaineann le cúrsaí beartais:

- [Treoirlínte Reachtúla DC do Chláir Foghlama Cumaisc \(Márta 2018\)](#)
- [Treoirlínte d'Ollscoil Náisiúnta na hÉireann maidir le hAthbhreithniú ar a Sholáthraithe Nasctha Páipéar Bán le haghaidh comhairliúcháin](#)

## NARIC Ireland

Óstálann an QQI NARIC Ireland, seirbhís chomhairleach saor in aisce maidir le haithint cáilíochtaí eachtracha in Éirinn. Is cuid de líonra domhanda gníomhaireachtaí aitheanta cáilíochtaí muid, líonra a dtugtar ENIC-NARIC air.


Tá os cionn 1,100 dámhachtain eachtrach liostaithe againn agus curtha i gcomparáid le leibhéal ar an CNC inár mbunachar sonraí aitheantais. Tugadh 73,000 cuairt aonair nach mór ar leathanaigh tíre in 2018, agus ba iad an deich bpríomhthír a bhí freagrach as 16% de na cuairteanna, agus bhí an Bhrasáil sa chéad áit. I ndiaidh na Brasaíle bhí an RA (6.9%), Éire (6.6%), An Pholainn (5.4%) agus an India (5.0%). Íoslódáladh 25,222 Ráiteas Inchomparáideachta ón suíomh gréasáin.

In 2018 d'aistríomar go leathanach ceist ar líne agus cuireadh trí leagan teanga eile den Treoir d'Úsáideoirí ar fáil ar an suíomh (san Araibis, sa tSínis agus sa Rúisis).

D'eisíomar nuachtlitir i dtaobh a bhaineamar amach 2018.

Chuamar i mbun oibre mar chomhpháirtí i dtionscadail nua Erasmus+ ar mhaithe lenár n-eolas agus ár dtuiscint ar cháilíochtaí agus próisis chun dul i mbun oibre le teifigh neamhdhoiciméadaithe, cineálacha nua foghlama ar nós Cúrsaí Ollmhóra Oscailte ar Líne agus aithint uathoibríoch.

**Fíor 1. NARIC 72,910 cuairt ar an suíomh 10 bPríomhamharc Leathanaigh de réir Tíre (2019)**



## Europass

Is é an QQI a óstálann Ionad Náisiúnta Europass. In 2018, d'éirigh linn cistiú a fháil don tréimhse 2018-2020, i gcomhiarratas idir an tIonad Náisiúnta Europass agus an EQF-NCP.

Tar éis é sin a fháil, leanamar de thionscnamh Europass agus pointe tagartha EQF-NCP a chur chun cinn; a chabhraíonn le saoránaigh a gcuid doiciméad a chur in eagar chun go mbeidh tuiscint go héasca ar a scileanna agus cáilíochtaí thar lear. Rinneamar comhóstáil ar Ghrúpa Tagartha AE i mBaile Átha Cliath in éineacht le comhghníomhaireachtaí den Roinn Oideachais agus Scileanna agus foilsíodh tuarascáil ar na himeachtaí ar shuíomh gréasáin an QQI.

Bhí an tIonad Náisiúnta Europass páirteach, leis, i gcruinniú de líonraí Europass lena n-áirítear Grúpa Braisle Nordach Baltach Iartharach (an Ísiltír), an Grúpa Oibre Nuálaíochta (an Phortaingéil) agus Cruinnithe an Líonra Choimisiúin (an Bhruiséil).

Tá tús curtha le hobair an Choimisiúin Eorpaigh ar Europass a nuachóiriú agus is rannpháirtithe gníomhacha muid sa Ghrúpa Comhairleach Europass a bunaíodh chun an próiseas seo a threorú.


## Qualifax

Óstálann an QQI Qualifax, arb é bunachar sonraí na hÉireann d'fhoghlaimoirí, trína gcuirtear faisnéis bhreise ar fáil maidir le hardoideachas agus breisoideachas agus oiliúint. D'úsáid timpeall 460,000 úsáideoir aonair an suíomh in 2018, chun eolas cuimsitheach a fháil ar chúrsaí ar gach leibhéal den CNC.

Chomh maith leis sin, thiomsaigh Qualifax féilire bliantúil d'imeachtaí náisiúnta oideachais agus oiliúna a bhaineann leis an earnáil treorach agus liosta de chlár iarchéime i gcomhar leis an Irish Times Postgraduate Supplement.

Bhíomar páirteach, leis, sa Ghrúpa Stiúrtha saineolaithe don Athbhreithniú ar Ghairmthreoir a bhunaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna agus cuireadh aighneacht thar ceann an QQI isteach chuig an gcomhairliúchán le linn an athbhreithnithe sin.

D'fhreastail foireann na Seirbhísí Eolais ar imeachtaí áitiúla agus náisiúnta chun an tseirbhís a chur chun cinn lena n-áirítear Higher Options, Comhdháil Náisiúnta Institiúid na nGairmchomhairleoirí, an Cruinniú Mullaigh Náisiúnta Scoile agus Seachtain na bPost (faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Teaghlach agus Sóisialta).



**SPRIOC 2: Cinnteoidimid, i gcomhar lenár ngeallsealbhóirí, go n-úsáidfean an CNC agus a cháilíochtaí chun cosáin foghlama ar feadh an tsaoil a fhorbairt don fhorbairt phearsanta, shóisialta agus ghairmiúil.**

## AITHINT D'FHOGHLAIM ROIMH RÉ

### VISKA

Tá Éire, trí obair an QQI, rannpháirteach i dtionscadal trí bliana VISKA (Scileanna Sofheicthe Daoine Fásta) atá á mhaoiniú ag Erasmus+ agus KA3. Díritear sa tionscadal ar an ngá atá le scileanna imirceach, teifeach, iarrthóirí tearmainn, agus daoine atá ar bheagán cáilíochtaí a dhéanamh níos feiceálaí chun an tréimhse ama go dtí go mbeidh siad fostaithe agus páirteach sa tsochaí a ghiorrú. Is é Skills Norway atá ag treorú an tionscadail i gcomhar leis an QQI agus comhpháirtithe san Íoslainn agus sa Bheilg. Is iad Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí na comhpháirtithe taighde agus measúnaithe do thionscadal VISKA.

In 2018, thug an QQI aiseolas ar na huirlisí atá ag teacht chun cinn le húsáid sna Trialacha Allamuigh atá i gcroílár na trialach seo, le tacaíocht ó chleachtóirí den scoth agus déantóirí beartais ar fud na tíre, trí cheardlanna agus trí chomhairliúchán leictreach. Chomh maith leis sin, chomhordaigh an QQI triail ar an mionchóir ar chuig láthair (BOO Dhún na nGall, BOO na Gaillimhe Ros Comáin, BOO Lú na Mí, agus BOO Liatroma agus Ionad Oideachais Pobail Warrenmount) le foireann treorach agus líne thosaigh agus náisiúnaigh ó thríú tíortha ag baint triail as an Uirlis Phróifílithe Scileanna AE.

### Féile an Choimisiúin Eorpaigh – Do Scileanna a Dhíghlasáil

In 2018, iarradh ar an QQI bheith rannpháirteach i bhFéile an Choimisiúin Eorpaigh, Do Scileanna a Dhíghlasáil, ina léiríonn cleachtas éifeachtach in Aitheantas d'Fhoghlaim Roimh Ré. Bhí Éire ar cheann de na láithreacha do scannán na Féile a rinneadh in Ionad Oiliúna Chorcaí, ina bhfacthas fostóirí, fostaithe, foghlaiméoirí, cleachtóirí agus ionadaí den QQI ag míniú an Aitheantais d'Fhoghlaim Roimh Ré.

### Líonra Cleachtóirí Aitheantais d'Fhoghlaim Roimh Ré

Bhí cruinniú amháin ag an Líonra Cleachtóirí Aitheantais d'Fhoghlaim Roimh Ré ar an téama 'Glacadh le Dúshlán an Aitheantais d'Fhoghlaim Roimh Ré; d'fhreastail os cionn 80 cleachtóir ar an gcruinniú mar aon le toscaireacht ón Eastóin.

**SPRIOC 3: Sprioc 3: maoirseacht a dhéanamh ar chóras feabhsaithe um dhearbhu cáilíochta atá cuimsitheach agus ina gcothromaítear an chuntasacht agus an feabhsú agus ina gcuirtear freagracht áitiúil chun cinn**

### Dearbhú Cáilíochta

Foilsíodh Treoirínte Reachtúla leasaithe um Dhearbhú Cáilíochta i bhFoghlaim Chumaisc i Márta 2018.



## Athbhunú an Chaidrimh le Boird Oideachais agus Oiliúna

In 2018, chríochnaigh an QQI athbhunú an chaidrimh leis na Boird Oideachais agus Oiliúna trí phróiseas tuairiscithe agus dialóige ar nósanna imeachta DC in 2017-2018.

Faoin bpróiseas aontaithe athbhunú caidrimh is gá do gach BOO Tuarascáil Feidhmiúcháin Féinmheastóireachta (ESER) a ullmhú, ag díriú ar threoirlínte reachtúla DC an QQI agus ar threoirlínte eile ar DC nuair is gá; agus Plean um Fheabhsú Cáilíochta (QIP). Idir deireadh 2017 agus tosach 2018, chuir gach BOO ESER agus Plean um Fheabhsú Cáilíochta isteach chuig an QQI. Tionóladh sraith cruinnithe dialóige idir an QQI agus gach BOO chun bunú nósanna imeachta DC gach BOO a phlé, ar aon dul le hAlt 30 d'Acht 2012. Baineadh úsáid as an ESER agus QIP a chuir gach BOO isteach mar bhonn le ceadú na nósanna imeachta DC. Bhreithnigh an Coiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí gach iarratas foirmiúil ar cheadú nósanna imeachta DC. Faoi Mheitheamh 2018, bhí ceadú tugtha do gach nós imeachta DC.

## An Clár Náisiúnta Rannpháirtíochta do Mhic Léinn

Seoladh an Clár Náisiúnta Rannpháirtíochta do Mhic Léinn in 2016 chun fis náisiúnta a fhorbairt chun rannpháirtíocht mac léinn a bhreisiú agus a leabú san ardoideachas. Faoin gclár náisiúnta seo tugadh foireann agus mic léinn le chéile ar mhaithe le cultúr de rannpháirtíocht lánbhríoch a chothú, spás a sholáthar le haghaidh comhoibriú agus forbairt cumais, chun smaointe a fhorbairt agus dea-chleachtas a chruthú chun níos mó airde a thabhairt ar ghuth na mac léinn agus chun comhpháirtíochtaí idir mic léinn agus baill foirne a chur i bhfeidhm.

Go dtí seo tá clár rathúil oiliúna d'Ionadaithe Ranga curtha ar fáil ag an gClár Náisiúnta Rannpháirtíochta do Mhic Léinn d'fhochéimithe, agus iad mic léinn iad féin a chuireann ar fáil é. Cuireadh sé cinn déag de cheardlanna anailíse ar fáil in institiúidí ardoideachais, leis, inar tháinig ceannairí, foireann agus mic léinn le chéile chun scrúdú a dhéanamh ar thaithí agus cleachtas na mac léinn sna hinstiúidí sin. Ó na ceardlanna anailíse seo, scrúdaíodh faoin gClár cúig réimse bunaithe ar théama trí thionscadal faoi cheannas comhpháirteach fhoireann institiúidí ardoideachais agus ionadaithe ó Aontas na Mac Léinn.

Tar éis meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an Chláir in 2018, aithníodh go mbraithfeadh rath an Chláir ar straitéis a bheidh ann don todhchaí, ina mbeadh fis agus tosaíochtaí leagtha amach go soiléir. Rachfar i gcomhairle go luath in 2019 maidir leis an straitéis seo a chlúdóidh tréimhse 2019-2021, agus foilseofar an straitéis nua i lár na bliana.

## Printíseachtaí

Cuireadh deiseanna spreagúla ar fáil do lucht fágála na scoile agus d'fhoghlaimoirí i bhforbairtí a rinneadh le déanaí ar phrintíseachtaí ionas gur féidir leo cáilíocht agus taithí oibre a ghnóthú i dtréimhse ó dhá bhliain go ceithre bliana. Tá printíseachtaí ar fáil anois ar leibhéal 5 go 10 den CNC in earnálacha tionscail ar nós an fháilteachais, TFC, an innealtóireacht agus an fhoirgníocht.

Ba é an tosaíocht in 2018 tacú le soláthraithe ardoideachais agus breisoideachais de réir mar a chuaigh siad trí chéimeanna Bheartas an QQI um Bailíochtú Clár. D'éirigh linn é sin a dhéanamh agus as sin bailíochtaíodh 12 chlár SOLAS agus sé chlár printíseachta eile.

In 2018, díróidh roinnt ceardlann do sholáthraithe ardoideachais agus breisoideachais ar na

soláthraithe sin a bhí ag smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar bhailíochtú printíseachta, agus d'fhreastail idir 80 agus 100 ar gach ceann díobh. In 2018 bailíochead ceithre chlár printíseachta nua sna réimsí seo a leanas: Monaróireacht Trealamh Bunaidh, Seirbhísí Ceantálaíochta agus Réadmhaoine, An Lámhbhúistéireacht agus an Chibearshlándaíl.

## Bailíochtú

Seo a leanas na himeachtaí oiliúna agus mionteagaisc a cuireadh ar fáil do sholáthraithe:

- **Soláthraithe a bhí ag iarraidh cur isteach ar bhailíochead clár breisoideachais (CAS)**
  - D'fhreastail seachtó soláthraí ar imeacht i mí an Mhárta ina ndearna Seirbhísí Tacaíochta Breisoideachais, BOO Chill Dara-Chill Mhantáin, BOO Chorcaí agus Aontas cur i láthair.
  - Díriodh in imeacht i mí na Nollag ar MIPLO/MIMLO (Íostoradh Foghlama Ceaptha ar Chlár/Íostoradh Foghlama Ceaptha ar Mhodúl) a fhorbairt agus a mhapáil ar chaighdeán dámhachtana an CAS.
- **Iarratais ar Bhailíochtú a Ullmhú**

Ba é cuspóir an imeachta seo cabhrú le soláthraithe printíseachtaí agus ardoideachais agus oiliúna aistriú chuig beartas bailíocheadaithe 2016.
- **Próisis chun Cláir a Athbhreithniú agus a Athbhailíochtú**

I mBealtaine, d'óstáil an tAonad Dearbhaithe Cáilíochta agus Rialála ócáid mionteagaisc do sholáthraithe ar an bpróiseas píolótach chun cláir a athbhreithniú agus a athbhailíochtú. Cuireadh an próiseas píolótach i bhfeidhm tar éis an beartas nua bailíocheadaithe a fhoilsiú. Bhí freastal maith ann ar an imeacht agus fuarthas aiseolas ó sholáthraithe a d'aibhsigh an gá atá leis an bpróiseas feidhmithe a athbhreithniú lena chur i bhfeidhm ar shlí níos éifeachtaí. Ina dhiaidh sin, bhunaigh an QQI grúpa oibre comhdhéanta d'ionadaithe ó sholáthraithe agus d'fhoireann an QQI chun na próisis chun cláir a athbhreithniú agus a athbhailíochtú a scrúdú le slite a mholadh ina bhféadfaí éifeachtúlacht a mhéadú gan difear a dhéanamh dá bhfeidhm mar phróisis dearbhaithe cáilíochta.
- **Ceardlann do scríbhneoirí tuarascálacha breisoideachais**

In 2018 bunaíodh grúpa oibre chun teimpléad agus treoir stíle nua neamhspleách breisoideachais a dhréachtú a d'úsáidfeadh daoine a bhí ag scríobh tuarascálacha ar bhailíochtú. Seoladh an teimpléad agus an treoir stíle i mBealtaine 2018 ag seisiún oiliúna do scríbhneoirí tuarascálacha.

## Grúpaí Oibre

- **Comhgrúpa Oibre Comhoibritheach idir ETBI agus QQI maidir le Samhail Earnála BOO chun Cláir a Fhorbairt agus a Bhailíochtú**

Bunaíodh Grúpa Oibre Comhoibritheach idir an ETBI agus an QQI chun samhail earnála BOO a fhorbairt chun cláir a fhorbairt agus chun beartas nua an QQI maidir le bailíochtú a chur i bhfeidhm. Anne Walsh (iarbhall de NUIG agus ball reatha de Bhord an QQI) a bhí i gceannas i dtosach, agus is í Helen Murphy (WIT) atá i gceannas anois. Rinne na BOO dul chun cinn suntasach i leith creat comhoibritheach a bhunú.

- **Grúpa Oibre ar Conas Tuarascáil Bailíochtaithe Breisoideachais (CAS) a Scríobh**

Chríochnaigh an grúpa seo a chuid oibre in 2018 agus cuireadh treoir stíle ar fáil do scríbhneoirí tuarascálacha, agus uirlisí breise a chabhródh le scríbhneoirí tuarascálacha mar aon le teimpléad leasaithe do thuarascálacha.

- **Grúpa Oibre um Athbhreithniú agus a Athbhailíochtú ar Chláir Ardoideachais**

Bunaíodh an grúpa oibre in 2018 agus bhí cúig chruinniú aige ó shin. Tá athruithe aontaithe ag an ngrúpa ar an bpróiseas chun cláir a athbhreithniú agus a athbhailíochtú agus cuireadh teimpléad leasaithe ar fáil do thuarascálacha ó sholáthraithe ar athbhreithniú cláir. Meastar go dtabharfar obair an ghrúpa chun críche faoi lár 2019.

- **Treoir Stíle Scríobh Tuarascálacha**

Bhunaigh an tAonad um Rialáil Dearbhú Cáilíochta grúpa oibre ar bun chun stil scríofa tuarascálacha a aontú a ghabhfadh leis an teimpléad neamhspleách do thuarascálacha meastóireachta (IER). Is treoir stíle bunaithe ar fhianaise é an IER agus ceapadh an treoir stíle scríofa tuarascálacha mar chabhair do chathaoirligh agus do rúnaithe ar phainéil bailíochtaithe chun tuarascáil neamhspleách meastóireachta a scríobh. Cuireadh an treoir stíle aontaithe ar aghaidh chuig na painéil meastóireachta ar fad. In 2019, iarrfaidh an QQI aiseolas ó rúnaithe agus ó chathaoirligh ar a úsáidí atá an treoir stíle.

## Nósanna imeachta agus tacaíochta breise oibríochtúla

Anuas ar na feabhsúcháin ar phróisis oibríochtúla agus na hacmhainní a luadh thuas, is fiú na nithe seo a leanas a lua:

- Rinneadh athbhreithniú agus tabhairt chun dáta ar nósanna imeachta inmheánacha DC in 2018
- Róil, Freagrachtaí agus Cód lompair a fhoilsiú d'athbhreithneoirí agus do mheastóir (V1, 2018).

## Suirbhé a Dhéanamh ar Mheastóirí agus ar Sholáthraithe a Chuireann Cláir chuig an QQI lena mBailíochtú

In 2018, leanamar dár suirbhé ar mheastóirí agus chuireamar tús le suirbhé a dhéanamh ar sholáthraithe a chuireann cláir isteach chuig an QQI lena mbailíochtú. Cuirfidh na suirbhéanna seo ar ár gcumas tuarascáil bhliantúil a thiomsú agus a fhoilsiú a thabharfaidh amharc 360° ar an bpróiseas do bhailíochtú agus trína n-aithneofar gnéithe den phróiseas a oibríonn go maith agus gnéithe nár mhiste a fheabhsú.

In 2018, d'fhoilsíomar tuarascáil eile agus anailís ar an aiseolas a fuarthas ó mheastóirí agus in 2019 foilseofar tuarascáil ar an aiseolas a fuarthas ó mheastóirí agus ó sholáthraithe le linn 2018.

## Anailís Théamach ar Thuarascálacha ar Chreidiúnú/Ceadú/Athbhreithniú ar Chláir Ardoideachais

I gCéim 1 den tionscadal seo rinneadh anailís ar na tuairiscí ábhartha ar chláir inarb é an QQI an comhlacht dámhachtana. Foilsíodh an tuarascáil i dtreo dheireadh 2018 agus áirítear ann:

- Neart, laige agus deiseanna chun cláir a fheabhsú

- Deiseanna chun na tuarascálacha ábhartha a fheabhsú i dtaca le soiléire, a úsáidí atá an t-eolas a thugann siad do gheallsealbhóirí i dtaobh clár
- Anailís ar thréithe na bpainéal saineolaithe agus a éagsúla atá siad
- Neart, laige agus deiseanna chun feabhas a chur ar phróisis chun cláir a athcheadú/a chreidiúnú
- Anailís ghinearálta agus deiseanna do fheabhsúcháin a shainaitheint.

## Méid agus treochtaí na gníomhaíochta maidir le bailíochtú

Próisis	2014	2015	2016	2017	2018	Naisc le tuarascálacha
Athbhreithniú fócasaithe ar chlár (áireamh na gclár)			4	2		<a href="#">Tuarascáil 1</a> <a href="#">Tuarascáil 2</a>
Bailíochtú do chláir nua ardoideachais (líon ceadaithe clár)	106*	85	52	30	37	<a href="#">Tuarascálacha Painéil - Bailíochtú</a>
Bailíochtú do chláir nua ardoideachais (líon na gclár diúltaithe)		8	2	11	1	<a href="#">Tuarascálacha Painéil - Bailíochtú</a>
Athbhailíochtú ardoideachais (líon na gclár ceadaithe)	*	86	29	11	60	<a href="#">Tuarascálacha Painéil - Bailíochtú</a>
Bailíochtú do chláir nua bhreiseoideachais	697	242	209	126	71	

\*Níor logáladh isteach go sonrath é mar bhailíochtú nó mar athbhailíochtú nua sa bhunachar sonraí, roimh 2015. Áirítear ar an iomlán de 106 do 2014 bailíochtú ar chláir nua agus athbhailíochtú ar chláir eile.

Líon na gníomhaíochta (críochnú próisis) ó 2014 go Deireadh Fómhair 2018 agus naisc le tuarascálacha foilsithe. Is ionann bán agus nialas.

## ATHBHREITHNITHE INSTITIÚIDEACHA

### Athbhreithnithe timthriallacha CINNTE

Cuireadh tús in 2018 le timthriall athbhreithnithe CINNTE ar institiúidí ardoideachais. Athbhreithníodh:

- Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach
- Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
- Ollscoil Mhá Nuad



Foilsíodh na Tuarascálacha ar Athbhreithniú i gcás [Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach](#) agus [Institiúid Teicneolaíocht Leitir Ceanainn](#) i Samhain ina dtuairiscítear príomhthorthaí na n-athbhreithnithe agus ina dtugtar naisc chuig eolas breise.



## Treoirínte um Dhearbhú Cáilíochta d'Ollscoil na hÉireann

In 2018, d'oibríomar le hOllscoil na hÉireann agus le geallsealbhóirí eile chun Treoirínte a cheapadh d'Athbhreithnithe Ollscoil na hÉireann agus dul i gcomhairle maidir leo. Fágann sé sin an bealach do chaidreamh idir an QQI agus Ollscoil na hÉireann, as a leanfaidh athbhreithniú ar Ollscoil na hÉireann in 2022.

## Tuarascáil Bhliantúil ar Cháilíocht Institiúidí (AIQR)

In 2018, fuaireamar 22 Tuarascáil Bhliantúil ar Dhearbhú Cáilíochta Institiúidí ó institiúidí ardoideachais a rialaítear go poiblí. [Foilsíodh](#) iad i Meitheamh 2018.

## Tuarascáil Achomair ar an AIQR

Gach bliain ullmhaíonn an QQI achoimre ar na Tuarascálacha Bliantúla um Cháilíocht Institiúidí. Aibhsítear sa tuarascáil seo tionscnaimh cháilíochta ar tugadh fúthu sna hinstitiúidí ardoideachais agus aithnítear téamaí cáilíochta atá i bpáirt ag na hinstitiúidí. Léirítear san fhoilseachán seo an iliomad gníomhaíochtaí um dhearbhu cáilíochta atá ar siúl in institiúidí, na feabhsúcháin a rinneadh dá éis, agus an tslí a gcloíonn institiúidí leis na treoirínte agus na nósanna imeachta DC náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Seo roinnt buaicphointí ó [thuarascálacha](#) 2018:

- Tá tábhacht straitéiseach le gníomhaíochtaí um dhearbhu cáilíochta agus um breisiú cáilíochta in institiúidí ardoideachais na hÉireann agus tá tionchar acu ar struchtúir rialachais in institiúidí. Tá Oifigí Cáilíochta nó a gcomhionann ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí i dtaca le straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Déantar anailís rialta ar athbhreithnithe agus ar thionscnaimh um dhearbhu cáilíochta ag cruinnithe den ardbhainistíocht in institiúidí. Anuas ar sin, tá fianaise ann go bhfuil níos mó eolais ar bheartais agus nósanna imeachta DC, torthaí ar athbhreithnithe cáilíochta, agus anailís ar ghníomhaíochtaí DC/breisiú cáilíochta á scaipeadh go himmheánach chun eolas agus cumhacht a thabhairt d'fhoirne i dtaca le dearbhú cáilíochta.
- Tá na sonraí ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí chun eispéireas an mhic léinn a fheabhsú. Tá institiúidí ag úsáid sonraí a bhailítear ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta mar bhonn le cinnteoireacht i bpríomhréimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo, agus tá tionchar díreach ag aiseolas ó mhic léinn, ó bhaill foirne agus ó gheallsealbhóirí ábhartha eile ar thionscnaimh DC.
- Úsáideann institiúidí ardoideachais táscairí oibiachtúla seachtracha chun léiriú a thabhairt ar a éifeachtaí atá a mbeartais agus a nósanna imeachta DC agus an tionchar atá acu. Tá fianaise láidir ann go bhfuil institiúidí ardoideachais ag freagairt d'aiseolas ó mhic léinn, baill foirne agus geallsealbhóirí eile chun caighdeán thaithe na mac léinn a bhreisiú.

- Ar fud chóras ardoideachais na hÉireann, tá institiúidí ag féachaint le cultúr Breisiú Cáilíochta a bhunú trí thionscnaimh sa réimse seo ina léirítear fócas ar rochtain agus ar aistriú, rátaí coinneála mac léinn, tacaíochtaí do mhic léinn, forás foirne, foghlaim ag an obair, comhionannas inscne agus taighde. Anuas ar sin, 2018. Chun torthaí na n-athbhreithnithe sin a scaipeadh ar lucht féachana níos ginearálta, d'fhoilsíomar Próifíl Cháilíochta i gcás gach athbhreithnithe, doiciméad ar líne tá síoriarracht á déanamh ag institiúidí chun taithí na mac léinn a fheabhsú, agus díríonn institiúidí ar thaithí lucht na chéad bhliana agus ar na rátaí forchéimnithe a fheabhsú.

## Cruinnithe Dialóige

Is cuid den chreat DC in Éirinn cruinnithe dialóige idir an QQI agus Comhlachtaí Ainmnithe xDámhachtana agus Institiúidí Teicneolaíochta. Tionóladh fiche chruinniú dialóige le hinstitiúidí ardoideachais idir Aibreán agus Meitheamh 2018.

Uaireanta is féidir forluí a bheith ann idir Cruinniú Dialóige agus sceideal na Phríomhchuartheanna Athbhreithnithe CINNTE ar institiúidí aonair. Sa chás sin, tugtar tús áite don Phríomhchuarth Athbhreithnithe agus cuirtear an cruinniú dialóige ar ceal. In 2018, tharla sé sin i gcás Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach, agus Institiúid Teicneolaíocht Leitir Ceanainn.

Ar na nithe a pléadh i mbabhta 2018 de na cruinnithe dialóige bhí:

- Tuarascáil Bhliantúil 2016/17 ar Cháilíocht Institiúidí
- An comhthéacs reatha ina n-oibríonn gach institiúid
- Comhairliúchán ar bheartais agus ar nósanna imeachta DC
- Forbairtí ar fud an chórais
- Nuashonruithe ginearálta agus tionscadail reatha an QQI.

## Ollscoil Teicneolaíochta a Ainmniú

Iarradh ar an QQI saineolaithe a ainmniú le dul ar an bpainéal a thionóil an Roinn Oideachais agus Scileanna chun measúnú a dhéanamh ar an togra maidir le hOllscoil Teicneolaíochta do Bhaile Átha Cliath a bhunú. Bhí cruinniú ag ionadaí ón QQI le painéal faoi ainmniú na hOllscoile Teicneolaíochta chun eolas a fháil ar an iarratas.

D'óstáil an QQI sraith díospóireachtaí le hinstitiúidí teicneolaíochta is iarrthóra ar réimniú mar ollscoil teicneolaíochta agus lena bhforas ionadach, THEA, i dtaobh athruithe ar sceideal athbhreithnithe CINNTE agus ar phróiseas an AIQR a bheadh ar aon dul leis na cumaisc agus le torthaí ainmniú na hollscoile teicneolaíochta.

## Múineadh an Bhéarla

Oibríonn an QQI Seirbhísí Creidiúnaithe agus Comhordaithe do Mhúineadh an Bhéarla (ACELS) agus déanann sé cigireacht agus monatóireacht ar sholáthraithe aitheanta ACELS. Oibríonn an QQI ACELS, trína ndéantar cigireachtaí agus monatóireacht ar sholáthraithe aitheanta ACELS, agus déanaimid cláir a bhaineann le cláir Mhúineadh an Bhéarla an QQI a bhailíochtú, agus oibrímid le geallsealbhóirí chun faisnéis i dtaca le Múineadh an Bhéarla a bhreisiú, a fhorbairt agus a chomhroinnt.



Is é ACELS an scéim náisiúnta chun seirbhísí mhúineadh an Bhéarla a chreidiúnú. Bhí nócha soláthraí ACELS ann in 2018, ag ionadú do 130 ionad nó mar sin ar fud na tíre. Gheofar sonraí ár ngníomhaíochtaí monatóireachta, bailíochtú clár agus obair chumarsáide agus breisithe sna grafaicí faisnéise seo a leanas:

**SPRIOC 4: Cuirfidimid faisnéis shoiléir údarásach chuimsitheach ar fáil do gheallsealbhóirí agus don phobal maidir le ról, cúraimí agus gníomhaíochtaí an QQI.**

### Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Tá Rannán nua Rannpháirtíochta le Geallsealbhóirí agus Cumarsáide bunaithe ag an QQI chun dul i mbun oibre ar fud na heagraíochta ag tacú le haonaid ghnó chun go mbeidh cur chuige

corparáideach níos comhordaithe acu i leith rannpháirtíocht geallsealbhóirí. Gné riachtanach dár gcuid oibre is ea an chumarsáid agus ba é aiseolas ó gheallsealbhóirí a spreag an tionscnamh nua seo.

Trí rannpháirtíocht geallsealbhóirí féachtar le:

- Caidreamh struchtúrtha agus caidreamh a bhfuil aidhm leis a bhunú agus a choimeád ar siúl lenár ngeallsealbhóirí, ar aon dul lenár gcuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha.
- Ár róil agus ár bhfreagrachtaí a chur in iúl agus a mhíniú go soiléir do gheallsealbhóirí.
- Féachaint chuige go dtuigeann geallsealbhóirí na príomhtheachtaireachtaí uainn.
- Ár gcaidreamh corparáideach le geallsealbhóirí a bhfuil tionchar mór acu (ranna rialtais, gníomhaireachtaí maoiniúcháin oideachais agus oiliúna) agus comhoibritheoirí a bhainistiú.
- Rannpháirtíocht agus comhoibriú le geallsealbhóirí a chur chun cinn.

## Meabhráin Tuisceana

Bhunaigh an QQI Meabhráin Tuisceana in 2018 leis na heagraíochtaí seo a leanas:

- **An Fóram Náisiúnta um Breisiú an Teagaisc agus na Foghlama san Ardoideachas**  
- chun réimsí comhair agus comhoibrithe a shainaithint.
- **Céimeanna Acadúla agus Ionad Foráis Oideachais do Chéimithe na Síne**  
- chun cáilíocht an ardoideachais in Éirinn agus sa tSín a fheabhsú, go háirithe i dtaca le hoideachas trasteorann.

Athnuadh Meabhráin Tuisceana in 2018 leis na comhpháirtithe seo a leanas:

- **An tÚdarás um Ardoideachas**  
- chun dul i gcomhar ar mhaithe le leas an chórais ardoideachais in Éirinn.



*Padraig Walsh, CEO QQI; Mary Mitchell O'Connor, Aire Stáit Ardoideachais; An Dr Graham Love, CEO HEA ag athnuachan an Mheabhráin Tuisceana idir an QQI agus an tÚdarás um Ardoideachas*

- **An Ghníomhaireacht um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (QAA)**, an foras neamhspleách ar a bhfuil cúram as monatóireacht agus comhairliú a dhéanamh ar chaighdeán agus ar cháilíocht in ardoideachas RA, agus as sin comhaontú straitéiseach a chruthú chun dearbhú cáilíochta seachtrach a bhreisiú agus cáilíocht an ardoideachais in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe a chur chun cinn.
- **Comhairle Hong Cong maidir le Creidiúnú Cáilíochtaí Acadúla agus Gairmcháilíochtaí**, an foras neamhspleách reachtúil a sholáthraíonn comhairle údarásach ar chaighdeán acadúil na gclár céime in institiúidí ardoideachais in Hong Cong – chun dul i mbun comhoibrithe chun leasa an dá pháirtí.



## Fóram Comhairleach

Bunaíodh an Fóram Comhairleach in 2014 le go bhféadfadh príomh-gheallsealbhóirí aiseolas agus comhairle ar an QQI ar raon ceisteanna maidir lenár gcuid oibre agus an tionchar atá againn ar an gcóras oideachais, oiliúna agus cáilíochtaí. Bhí dhá chruinniú ag an bhFóram in 2018:

- **Bealtaine** - cruinniú ceardlainne ag díriú ar 'Engaging & Contributing to QQI Strategy 2019-2021' (Bheith Rannpháirteach agus Cuidiú le Straitéis 2019-2021 an QQI). Úsáideadh aschuir ón gceardlann mar bhonn eolais nuair a bhí Ráiteas Straitéis nua, Luach a Chur le Cáilíochtaí á ceapadh ag an QQI.
- **Samhain** - díriodh sa chruinniú seo ar straitéis an QQI a chur i bhfeidhm, i seisiúin cheardlainne maidir le hAnailís agus Tionchar an QQI a chur in iúl, agus 15 bliana den CNC.

Athbhreithneofar ballraíocht an Fhórait in 2019.

## Cumarsáid

Ceapadh Bainisteoir Cumarsáide lánaimseartha i mBealtaine 2018, agus beidh cúram ar an mbainisteoir sin as cumarsáid sheachtrach agus inmheánach i dtaobh cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a chomhlíonadh. Cuireadh dréachtstraitéis cumarsáide faoi bhráid an Bhoird i mí na Nollag 2018, dá mbreithniú.

Cruthaíodh cuntas oifigiúil LinkedIn don QQI i mBealtaine 2018 agus mheall sé 600 de lucht leanúna nach mór sna chéad sé mhí. Feidhmíonn cuntas Twitter an QQI go láidir i gcónaí le hardleibhéil rannpháirtíochta agus tháinig méadú faoi thrí ar líon na leantóirí in 2018.



Impreisin – **268.9k**

Ráta Rannpháirtíochta – **1.67%**

Cliceálacha ar an Nasc – **1,226**

Atvuíteanna – **769**

Is maith liom – **1,487**



Lucht leanúna – **593**

Amhairc Leathanaigh – **319**

Cuairteoirí Aonair – **146**



Amhairc – **843**

Síntiúsóirí – **85**

## QRM – Córas Bainistíochta ar Chaidreamh le Cliant

D'oibrigh an fhoireann Cumarsáide le lucht tacaíocht TF chun feidhmiúlacht agus cumas an chórais QRM atá anois ann a fhorbairt chun gur féidir feachtais ardleibhéil chumarsáide a chur ar fáil, lena n-áirítear fógraí imeachtaí, clárú, suirbhéanna agus The QT, ríomhiris an QQI.

## Podchraoltaí

Chomhoibrigh an QQI leis an Irish Independent uair amháin eile ar an tsraith podchraoltaí oing to College. I Lúnasa, nuair a eisíodh thorthaí na hArdteistiméireachta, bhíomar rannpháirteach i gceithre phodchraoladh a d'óstáil an Irish Independent. Foilsíodh na podchraoltaí seo ar independent.ie agus chuntais meán sóisialta an Irish Independent agus an QQI as ar lean os cionn 26,000 éisteacht, arbh ionann é agus 50% nach mór de mhéadú ar an mblain roimhe sin.

### EIPEASÓID 1

Ullmhú do thorthaí na hArdteistiméireachta

### EIPEASÓID 2

D'am a thógáil sula ndéanann tú do chinneadh

### EIPEASÓID 3

Cad is féidir a dhéanamh mura bhfaigheann tú tairiscint ó choláiste

### EIPEASÓID 4

Conas is fearr ullmhú do shaol an choláiste




## IMEACHTAÍ

### Acadamh Idirnáisiúnta Samhraidh ar an gCeannaireacht

D'óstáil an QQI toscaireacht idirnáisiúnta ó na SA, ón tSín agus an AE ar Chuaire Staidéir mar chuid de líon Shlabhra 5, a dtugtar an tAcadamh Idirnáisiúnta Samhraidh ar an gCeannaireacht air chomh maith. Dhírigh na toscairí ar cheannaireacht in oideachas, in oiliúint agus i bpolasaí na hÉireann, in aistrithe go hardoideachas ón ngairmoiliúint agus oideachas, agus ar rannpháirtíocht a leathnú amach.

### Bímis ag caint ar Mheasúnú

I Márta 2018, d'fhoilsigh an QQI Páipéar Uaine ar an Measúnú inar leagadh amach creat agus comhthéacs chun raon leathan ceisteanna measúnaithe a phlé. Aithníodh ann údair imní agus cuireadh idéanna i láthair ar an tslí le dul i ngleic le cuid acu. Leathnaíodh an tréimhse chomhairliúcháin amach go dtí mí na Nollag 2018.



Mar chuid den chomhairliúchán seo, i Samhain 2018, rinneamar comh-óstáil ar dhá ócáid, ceann amháin acu leis an bhFóram Náisiúnta um Breisiú an Teagaisc agus na Foghlama san Ardoideachas agus an ceann eile le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI). Ceapadh na himeachtaí chun deis a thabhairt do dhaoine saincheisteanna a bhaineann le measúnú foghlaimeoirí agus na foghlama a phlé. Bhí freastal maith ar an dá imeacht (timpeall 170 i ngach cás) agus ina measc bhí cainteoirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu, cainteoirí náisiúnta agus cainteoir mic léinn. Fuarthas aiseolas an-dearfach i ndiaidh na n-imeachtaí.

Fuarthas timpeall seachtó a hocht fhreagairt ar an bPáipéar Uaine. Tá i gceist againn an t-aiseolas a fhoilsiú i lár 2019 mar aon le hanailís téamach ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas agus na roghanna a moladh mar aon lenár bhfreagairt féin.

## Dea-chleachtas i gCur Chuige Bunaithe ar an Mac Léinn

Ar an 20 Samhain, d'óstáil an QQI comhdháil bunaithe ar an mac léinn i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Ardoideachas, Suirbhé na hÉireann ar Rannpháirtíocht Mac Léinn, IUA, THEA agus Aontas na Mac Léinn. Bhí suas le 200 oide agus mac léinn ó gach cearn den tír i lathair chun éisteacht le tuairimí saineolaithe idirnáisiúnta agus náisiúnta, mac léinn, oidí agus déantóirí beartais ar réimsí éagsúla ar nós cleachtais rannpháirtíochta mac léinn; cur chuige i leith an ardoideachais agus an bhreisoideachais; taithí na mac léinn idirnáisiúnta, iontráil printíseachta; agus rannpháirtíocht an phobail

## Fóram na hÁise - na hEorpa ar Cháilíocht agus Aitheantas in Ardoideachas Trasnáisiúnta

Reachtáladh an ócáid lae i mBaile Átha Cliath ar an 18 Nollaig 2018. D'fhreastail os cionn 100 ionadaí ó institiúidí ardoideachais in Éirinn, san Eoraip agus san Áise ar an bhfóram seo, mar aon le gníomhaireachtaí atá gníomhach in oideachas trasnáisiúnta a sholáthar idir an Eoraip agus an Áise nó a bhfuil leas acu ann.

Tharla an chomhdháil ag an am céanna leis an Dara Comhdháil Ghinearálta ar an Líonra Trasteorann um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas san Áise agus san Eoraip, comhdháil a chomhóstáil an QQI ar an 19 Nollaig 2018. Is é aidhm an Líonra sin feabhsú a dhéanamh ar an oideachas trasteorann, ardáin chumarsáide agus comhair a thógáil le haghaidh geallsealbhóirí i ndearbhú cáilíochta ardoideachais trasteorann idir an Áise agus an Eoraip agus chun soghluaisteacht mac léinn agus acadúil a chur chun cinn. D'fhreastail baill den Líonra Trasteorann ar an gcruinniú.

**SPRIOC 5: Maidir le cumas fhoireann an QQI chun iad féin a fhorbairt, bláthú agus bheith lánpháirteach ina gcuid oibre, déanfaimid é sin a chumasú agus a mhisiú go réamhghníomhach**

## Forbairt agus Oiliúint Foirne

Bíonn teagmháil rialta ag an QQI lena foireann tríd an nGrúpa Teagmhála le Fostaithe a chuimsíonn baill foirne ar gach leibhéal den eagraíocht. D'athraigh ballraíocht an ghrúpa go suntasach in 2018 agus áirítear air i gcónaí foireann ar gach leibhéal den eagraíocht. Rinne an Fóram maoirseacht ar thionscnaimh éagsúla, lena n-áirítear Suirbhé ar Rannpháirtíocht Foirne, treoirlínte do dhul i mbun oibre in oifig plean oscailte agus leanúint de chlár meabhairshláinte agus folláine dearfaí

ar a n-áirítear seachtain de ghníomhaíochtaí fócasaithe agus cur chun cinn díreach roimh an Lá Náisiúnta Folláine san Ionad Oibre. Thacaigh an Grúpa le hullmhúcháin don chun an Marc KeepWell a úsáid, marc atá ina chreidiúnú bunaithe ar fhianaise agus atá bunaithe ar shaincheisteanna riachtanacha chun feabhsú ginearálta a dhéanamh ar shláinte, sábháilteacht agus folláine san ionad oibre. Tugadh an Straitéis Acmhainní Daonne 2019-2021 chun críche agus tá cuspóirí soiléire ann maidir le rannpháirtíocht foirne agus forás agus forbairt foirne.

Bíonn teagmháil rialta ag an QQI leis na ceardchumann, leis, ar nithe a bhaineann le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta.

D'éascaigh an QQI, bunaithe ar an gcóras bainistíochta agus forbartha feidhmiúlachta (CBFF), oiliúint foirne agus cóitseáil ghairmiúil, freastal ar fhóirne, comhdhálacha, seisiúin mionteagaisc agus forbairt ghairmiúil leanúnach.

Chuireamar oiliúint ar fáil, leis, i ndáil le:

- Rialachas Corparáideacha do Chomhlachtaí Stáit agus Earnála Poiblí.
- Cumarsáid Inmheánach
- Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil
- Scileanna Adobe Photoshop and Design
- Teastas i gCosaint Sonraí
- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú
- Clár Ceannaireachta Ardfheidhmíochta
- Diplóma Máistreacht a nDearadh Grafaice
- Miontuairiscí a thógáil ag cruinniú
- Oifig Bainistíochta Tionscadail a thógáil agus a reáchtáil
- Ardteastas sa Mhatamaitic
- Ard-Diplóma sa Dlí um Chosaint Sonraí
- Bainistíocht Ama
- MS Access
- Párolla
- Earcaíocht agus Roghnú.



## SPRIOC 6: Córais féinseirbhíse, próisis agus cumais theicneolaíochta an QQI a bhreisiú chun cáilíocht agus a éifeachtaí atá an tseirbhís uaidh a fheabhsú

Thug an QQI seirbhísí nua isteach do chustaiméirí in 2018 lena n-áirítear córas íocaíochta ar líne do theastais ionaid agus foirm ar líne chun iarratais NARIC a láimhsiú. Leathnaíodh an tseirbhís grafaice faisnéise chun tuilleadh infheictheachta a sholáthar maidir leis an bpróiseas bailíochtaithe agus breisíodh an tseirbhís Qsearch chun tuairiscí bailíochtaithe agus ceadú DC a uathfhoilsiú.


Cuireadh tús, leis, le roinnt tionscadal a mbeidh a dtoradh le feiceáil in 2019, lena n-áirítear áireamhán táillí ar líne do chlár, clár Éireannach ina liostófar cúrsaí, clár agus soláthraithe agus seirbhís ar líne do sholáthraithe chun tacú le bailíochtú clár. Rinne an QQI tuilleadh forbartha ar a chóras chun caidreamh a bhainistiú chun cumarsáidí agus imeachtaí inmheánacha agus seachtracha a bhainistiú.

Cuireadh roinnt beart slándála i bhfeidhm chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go gclisfidh ar an tseirbhís do chustaiméirí agus d'fhoireann an QQI.

### Ceisteanna a fuarthas trí QHelp

Úsáideann an QQI córas ar líne ar a dtugtar QHelp chun ceisteanna a fhreagairt, córas atá ar fáil tríd an suíomh gréasáin. Cláraíonn ceisteoirí a sonraí agus cuireann siad ceist isteach. Fuarthas 9,716 cheist tríd an gcóras seo in 2018.

Cuireann an tseirbhís QHelp roinnt alt ar fáil, leis, ina bhféachtar le freagraí a thabhairt ar cheisteanna coitianta. Ba é 149,281 líon na gcuairteanna aonair ar an tseirbhís seo in 2018, miondealaithe mar seo a leanas:



# Rialachas

## Bord an QQI


Bord deichniúr comhaltaí, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach, a rialaíonn an QQI. Is é an tAire Oideachais agus Scileanna a ainmníonn na comhaltaí. Ar chúraimí an bhoird tá ceadú na gcuntas airgeadais, beartas, ráitis straitéise, pleananna corparáideacha agus tuarascálacha bliantúla. Déanann an bord cinntí maidir le feidhmeanna éagsúla lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:

- Ceadú gach beartais agus cur chuige i leith beartais
- Pleanáil straitéiseach, pleanáil chorporaídeach agus ceadú na gcuntas bliantúil.
- Ceadú na gcuntas
- Ceadú nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta a aistarraingt
- Bailíochtú cláir a aistarraingt
- Údarás a tharmligean do sholáthraí chun dámhachtainí a dhéanamh
- Údarás tarmligthe chun dámhachtainí a dhéanamh a aistarraingt nó a éagsúlú

Tá feidhmeanna aige, leis, i ndáil le cláir a bhailíochtú, comhdámhachtainí, agus rochtain, aistriú agus forchéimniú. Tugann roinnt coistí faoi leibhéal an Bhoird cúnamh le rialachas acadúil agus le réimsí tábhachtacha eile rialachais, agus is comhaltaí den Bhord atá ar na coistí sin. Gheofar tuilleadh eolais sa roinn ar rialachas faoi leibhéal an Bhoird ar leathanaigh 29-30.

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird:

- Ms Joanne Harmon (comhalta den Bhord, a ceapadh ina Cathaoirleach le héifeacht ón 13 Márta 2018)
- An Dr Padraig Walsh (Príomhfheidhmeannach)
- An Dr Barbara Brittingham (Saineolaí idirnáisiúnta)
- Ms Mary Danagher
- Mr. Oisín Hassan (ainmniú Aontas na Mac Léinn)
- Mr. Blake Hodgkinson (ceaptha ar an 13 Márta 2018)
- Mr Thomas McDermott
- Ms. Niamh O'Reilly (ceaptha ar an 13 Márta 2018)
- An tOllamh. Irene Sheridan (ceaptha an 13 Márta 2018)
- An Dr. Anne Walsh (ceaptha ar an 13 Márta 2018)



In 2018, bhí cruinnithe ag an mBord ar na dátaí seo a leanas:

- 23 Feabhra
- 27 Aibreán
- 16-21 Bealtaine (cruinniú neamhchorpartha)
- 22 Meitheamh
- 21 Meán Fómhair
- 7 Nollaig
- 21 Nollaig (cruinniú neamhchorpartha)

## An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Comhlíonann an QQI an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Taifead Tinrimh Chomhaltaí an Bhoird ag Cruinnithe den Bhord in 2018

	23 Feabhra, 2018	27 Aibreán	Cruinniú Neamh-chorpartha 16-21 Bealtaine	22 Meitheamh	21 Meán Fómhair	7 Nollaig	Cruinniú Neamh-chorpartha 21 Nollaig	Tinreamh	Íosta
Joanne Harmon	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7	7
Padraig Walsh	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7	7
Barbara Brittingham	✓	✓	✓	✓		✓	✓	7	6
Mary Danagher	✓	✓	✓	✓		✓ **	✓	7	6
Oisín Hassan*	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7	6
Blake Hodkinson		✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	6
Thomas McDermott	✓	✓	✓	✓	✓	✓ **	✓	7	7
Niamh O'Reilly		✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	5
Irene Sheridan		✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	6
Anne Walsh		✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	6

\* Ionadaí de chuid Aontas na Mac Léinn in Éirinn, téarma a oifige a ritheann ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh gach bliain.

\*\* i láthair trí chomhdháil ghutháin

## Íocaíochtaí le Comhaltaí an Bhoird

I gcáil dheonach, go huile agus go hiomlán, a ghníomhaíonn comhaltaí an Bhoird agus níor íocadh aon táille le comhaltaí an Bhoird in 2018. Ar na costais a íocadh bhí cóiríocht, taisteal intíre, eitiltí agus cothabháil. Íoctar costais taistil agus cothabhála chomhaltaí an Bhoird de réir na rátaí atá leagtha síos ag an Roinn Airgeadais. Ba é €26,906 costais iomlána an bhoird in 2018 (2017: €23,141).

## Tuarastal agus costais an Phríomhfheidhmeannaigh

Fuair an Príomhfheidhmeannach €143,749 d'íocaíochtaí tuarastail in 2018 (2017: €138,695). Níor íocadh aon phá a bhain le feidhmíocht leis an bPríomhfheidhmeannach sa tréimhse sin. Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh an teidlíocht chaighdeánach i scéim aoisliúntais sochair shainithe eiseamláireach na hearnála poiblí. Thabhaigh an Príomhfheidhmeannach €5,633 de chostais dheimhnithe in 2017. €2,780).

Gheofar Ráitis Airgeadais iniúchta an QQI ón leabharlann foilseachán ar shuíomh gréasáin an QQI – [www.qqi.ie](http://www.qqi.ie).

*\* Asbhaineadh na figiúirí seo ó na dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018.*

## STRUCHTÚIR RIALACHAIS FAOI LEIBHÉAL AN BHOIRD

### An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca


Is é cuspóir an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca struchtúr neamhspleách measúnaithe a sholáthar agus tacú leis an mBord maidir lena bhfreagrachtaí as fadhbanna riosca, rialaithe agus gnéithe den rialachas trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chuimsithí atá na dearbhuithe ó thaobh riachtanais dearbhaithe an Bhoird agus an Oififigh Chuntasaíochta a chomhlíonadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a iontaofa agus a iomláine atá na dearbhuithe sin.

**Comhaltaí:** I gcoibhneas le líon an Bhoird, beirt chomhalta den Bhord agus ball seachtrach nach ball den Bhord í no é atá ar an gCoiste (in ionad trí chomhalta den Bhord mar is gá faoin gCód Cleachtais): Thomas McDermott (Cathaoirleach), agus Blake Hodkinson agus Tony Mealay (ball neamh-Bhoird).

### An Coiste Maoirseachta um Chláir agus Dámhachtainí (CMCD)

Is é feidhm an Choiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí cinntí a dhéanamh maidir le bailíochtú clár as a leanann dámhachtainí an QQI. Is é a bhuntacaíonn le cinntí agus moltaí an Choiste saineolas agus moltaí seachtracha, a chuirtear ar fáil de ghnáth i bhfoirm thuarascálacha ó phainéil saineolaithe agus torthaí ar ghníomhaíochtaí monatóireachta agus athbhreithnithe a dhéanann an QQI. Bhí sé chruinniú ag an CMCD in 2018.





**Comhaltaí:** Padraig Walsh (Cathaoirleach), Barbara Kelly, Carmel Kelly (ón 11 Aibreán 2018), Angela Lambkin, Bryan Maguire, Karena Maguire (go dtí an 22 Feabhra 2018), John O'Connor, Deirdre Stritch, Róisín Sweeney, Andrina Wafer (go dtí an 22 Feabhra 2018).

### **An Coiste um Beartais agus Caighdeán (CBC)**

Is é misean an Choiste Beartas agus Caighdeán a shaineolas a úsáid chun dréachtbheartas an QQI a bhreithniú agus moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le ceadú na mbeartas seo ar aon dul le straitéis na heagraíochta. Lena chois sin, breithníonn sé moltaí ón bhfeidhmeannacht chun caighdeán eolais, scile agus inniúlachta a chinneadh le haghaidh dámhachtainí oideachais agus oiliúna nó chun treoirlínte ábhar maidir leis na leibhéil eolais, scile agus inniúlachta a mbeidh súil leo do dhámhachtainí ardoideachais, a fhorhuiniú. Bhí ceithre chruinniú ag an CBC in 2018.

**Comhaltaí:** Anne Walsh (Cathaoirleach) (ón 4 Iúil 2018), Lucien Bollaert, Bryan Fields, Ewart Keep (go dtí an 19 Márta 2018), Barbara Kelly, Daire Keogh, Bryan Maguire, Niamh O'Reilly (ón 4 Iúil 2018), Aileen Ponton (ón 4 Iúil 2018) agus Ann-Marie Ryan.

### **An Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (CMCD)**

Is é misean an Choiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (CMCD) athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an CFCD, agus comhairle agus moltaí a chur ar fáil dá réir don CFCD maidir le comhlíonadh a mhisin. Deimhneoidh sé cinntí de chuid an CFCD, nó cuirfear ar ais iad, faoi mar is gá. Bhí trí chruinniú ag an CMCD in 2018.

**Comhaltaí:** Barbara Brittingham (Chairperson), Ken Carroll, Liz Carroll (go dtí an 9 Aibreán 2018), Maureen Conway (go dtí an 9 Aibreán 2018), Peter Cullen, Mary Danagher, Paul Lyons, Anne Mangan (go dtí an 9 Aibreán 2018), Gerard Morgan (ón 12 Meán Fómhair 2018), John D. Mulcahy (go dtí an 9 Aibreán 2018) agus Gina Quin (ón 12 Meán Fómhair 2018).

### **An Coiste um Cheaduithe agus Athbhreithnithe (CCA)**

Déanann an CCA cinntí agus moltaí maidir le ceadú nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta, an Marc Idirnáisiúnta Oideachais agus údarás tarmligthe agus ceadaíonn sé foilsiú torthaí ar athbhreithnithe cáilíochta a sheoltar faoi alt 42 den Acht. Bhí sé chruinniú ag an CCA in 2018.

**Comhaltaí:** Ailsa Crum, Colette Harrison, Oisín Hassan, Marie Kehoe O'Sullivan, Geraldine Larkin, Martin Lyes, Kevin Ryan (Cathaoirleach), Irene Sheridan (ceaptha ar Bhord an QQI in Aibreán 2018), Mary Sheridan.

### **An Coiste Acmhainní Daonna agus Eagair**

Is é cuspóir an Choiste Acmhainní Daonna agus Eagair cuidiú agus comhairle a chur ar an mBord d'fhonn a rialachas agus maoirseacht féin sna réimsí acmhainní daonna agus eagair. Ní raibh aon chruinniú ag an gCoiste seo in 2018.

**Comhaltaí:** Joanne Harmon (Cathaoirleach), Mary Danagher móide folúntas amháin.

# Gnóthaí Corparáideacha

## An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Trí bhall den Fheidhmeannacht is ea a thacaíonn leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste in 2018 ar na dátaí seo a leanas:

- 27 Feabhra
- 26 Aibreán
- 12 Meitheamh
- 22 Deireadh Fómhair:
- 22 Samhain (cruinniú neamhchorpartha)

## An Fheidhm Iniúchta Inmheánaigh

Tá plan iniúchta inmheánaigh trí bliana ag an QQI, plan a thosaigh in 2017. Déantar iniúchadh inmheánach ar gach ceann de phríomhfheidhmeanna corparáideacha agus gnó an QQI. Tugadh na hiniúchtaí inmheánacha seo a leanas chun críche in 2018:

- Athbhreithniú ar an mBeartas Acmhainní Daonna
- Córas Bainistíochta Taifead agus Doiciméad
- Cosaint d'Fhoghlaimoirí Cláraithe
- Iniúchadh Inmheánach ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh 2017
- Timthriall Cáilíochtaí agus Aitheantais (NARIC san áireamh)
- Timthriall Dámhachtainí agus Teastasú
- Timthriall Tuairiscithe Airgeadais
- Tuarascáil Achoimre Mazars (iniúcháirí inmheánacha asfhoinsithe) ar Fheidhmiú na Moltaí sna Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh 2015-2018.

## Feidhm an Iniúchta Sheachtraigh

In 2018 iarradh ar an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, ar aon dul leis an **gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú** leasaithe (**Meán Fómhair 2016**) ina moltar go mbeadh comhrá ag an mBord agus ag an gCoiste Iniúcháireachta leis na hiniúcháirí seachtracha uair sa bhliain ar a laghad, gan comhaltáí feidhmiúcháin an Bhoird ná fostaithe an chomhlachta stáit a bheith i láthair, le cinntiú nach bhfuil aon údar imní gan réiteach. Chuir an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste a fhreastal ar an gcrúinniú siar ar feitheamh ar na Ráitis Airgeadais 2017 a bheith críochnaithe.

## Bainistíocht Riosca

Leagtar amach i mBeartas Bainistíochta Riosca an QQI an beartas, na próisis agus na nósanna imeachta chun riosca a bhainistiú in QQI. Cuirtear é sin i bhfeidhm ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) leasaithe. Cheadaigh an Bord nua-cheaptha (2018) an Beartas Bainistíochta Riosca agus Ráiteas Goile chun Riosca leasaithe ag a chruinniú i Meitheamh 2018.

## An Clár Riosca

Rinne an Feidhmeannacht athbhreithniú leathan ar an gClár Riosca le linn 2018. Sannadh catagóir riosca aonair do na rioscaí sa Chlár Riosca de réir na gcatagóirí riosca a aithníodh sa Ráiteas um Ghoile chun Riosca. Níor tháinig aon athrú in 2018 ar na cúig chatagóir riosca a d'aithin an Bord in 2017, mar atá:

- Inmharthanacht agus Indéantacht Airgeadais
- Eolas, Scileanna agus Inniúlachtaí
- Caidreamh agus Teagmháil idir Geallsealbhóirí
- Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha
- Dea-cháil

## Na Príomhrioscaí

Rinne an Bord measúnú ar phríomhrioscaí an QQI. Tá siad liostaithe thíos mar aon leis na príomhrialuithe atá i bhfeidhm chun iad a mhaolú. Cé nach bhfuil mórán idir na cúig phríomhriosca a aithníodh in 2017, is lú an dóchúlacht in 2018 go dtitfidh siad amach.

### Riosca Uimh. 1: Tá baol ann go mbeidh easpa cistí ann de dheasca nádúr inathraitheach agus luaineacht shruthanna ioncaim an QQI

Maolaítear an riosca trí Bainisteoir Airgeadais a cheapadh; athchumraíodh an Córas Bainistíochta Airgeadais chun gur feidir caiteachas a shainaithint ar leibhéal rannóige, aonaid agus tionscadail; déantar monatóireacht ar ioncam i gcomparáid leis an mbliain roimhe chun athraitheas a shainaithint; cuirtear cuntais mhíosúla bainistíochta ar fáil; déanann an Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin breithniú ar chuntais bainistíochta agus ar ghnóthaí airgeadais; cheadaigh an Clár-Bhord cláirbhuiséid agus buiséid tionscadail; leasaíodh an buiséad TFC le haghaidh 2018 agus tá ionchur aigie i bpróiseas buiséid bliantúil na Roinne Oideachais agus Scileanna.

### Riosca Uimh. 2 Ní féidir leis an QQI a fheidhmeanna corparáideacha a chomhlíonadh de dheasca bearnaí foirne agus scileanna

Maolaítear an riosca seo trí mhonatóireacht agus rianú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus nithe inseachadta aonaid trí PROMISE; tuairiscítear go rialta don Bhord ar dhul chun cinn ar sheachadadh an Phlean Chorparáidigh; bíonn cumarsáid rialta ann leis an ROS maidir le riachtanais acmhainne agus an tionchar atá aige sin ar shainordú reachtúil an QQI; an Ráiteas Straitéise 2019-2021 a chur i dtoll a chéile ag smaoineamh ar shainordú an QQI agus ar reachtaíocht leasaithe atá ar feitheamh; agus ceadú an bhoird do phlean feidhmiúcháin chun an Ráiteas Straitéis a chomhlíonadh.

### **Riosca Uimh. 3: Ní bheidh córais TF, bainistíocht doiciméad, agus oibríochtaí an QQI oiriúnach don fheidhm nó ní chomhlíonfaidh siad an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**

Maolaithe ag ceadú do Phlean Tionscadail ón gClár bhord ina dtugtar cuntas ar raon leathan gníomhaíochtaí tús áite le tréimhsí ama comhfhreagracha; Seisiúin mhionteagaisc don fhoireann ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a thabhairt chun críche; obair leanúnach ar chomhtháthú bunachar sonraí; an Measúnú ar Ullmhacht don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a bheith déanta ag an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin.

### **Riosca Uimh. a 4: Déantar dochar do chórais ghnó an QQI in ionsaithe mailíseacha seachtracha**

Maolaithe trí mhonatóireacht a dhéanamh ar gníomhaíocht amhrasach trí chóras feabhsaithe chun ionsá a bhrath; meastóireacht chuimsitheach ar Shlándaíl agus Rialú TF ó speisialtóirí seachtracha slándála; Maoirseacht ar mholtaí ó ghrúpa stiúrtha TFC ar bhonn míosúil agus iad a chur i bhfeidhm.

### **Riosca Uimh. 5 Faightear go bhfuil an QQI ag feidhmiú ultra vires tar éis caingean dlí a n-éiríonn leis**

Maolaithe trí chomhairle dlí a fháil nuair a bhíonn beartais á gceapadh chun feidhmeanna a chur i bhfeidhm; Mionteagasc do phainéil, do shaineolaithe agus do choistí cinnteoireachta ar an mbonn dlí le gníomhartha rialála; Glacadh na feidhmeannachta le cúrsaí coimeádacha gníomhaíochta má tá amhras faoi vires.

## **Achoimre ar Thorthaí Airgeadais 2018**

In 2018 fuair an QQI €11.3 milliún idir Dheontas Stáit, ioncam ó tháillí, cistiú AE agus eile. Ba é €11.0 mhilliún an caiteachas sa tréimhse chéanna. Chosain pá agus pisin €5.45 mhilliún in 2018.

## **Cosaint Sonraí**

Geallann an QQI cearta agus príobháideacht daoine aonair a chosaint ar aon dul leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998 agus 2018. Is éard is Cosaint Sonraí ann cosaint a thabhairt do cheart daoine aonair ar phríobháideacht maidir le próiseáil sonraí pearsanta. Foráiltear sna hAchtanna le haghaidh sonraí a bhailiú agus a úsáid ar shlí fhreagrach, agus chun úsáidí neamhiarrtha agus úsáidí dochracha sonraí a chosc. Déanann an QQI maoirseacht ar leibhéal comhlíonta na heagraíochta agus cabhraíonn sé lena chinntiú go bhfuil socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm ag an QQI chun riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh.

## **Nochtaí faoi Chosaint**

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a choimeád le gur féidir le hoibrithe, atá nó a bhí fostaithe ag an gcomhlacht poiblí, nochtuithe faoi chosaint a dhéanamh agus chun déileáil leis na nochtuithe sin. Ní bhfuarthas tuairisc ó aon oibrí de chuid an QQI faoin mBeartas um Nochtuithe faoi Chosaint sa tréimhse dhá mhí dhéag go dtí an Dé Luain 31 Nollaig 2018.

Fuair Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an QQI) dhá thuairisc faoi Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 sa tréimhse dhá mhí go dtí an Dé Luain 31 Nollaig 2018. Níorbh fhostaithe de chuid an QQI a rinne na nochtuithe seo agus baineann siad le hoibrí nó le hoibrithe a bhí fostaithe

in aonán a thagann faoi chuimsiú an QQI trínar féidir nochtadh den sórt sin a dhéanamh le duine forordaithe sa QQI faoi I.R. 339 de 2014.

Tugadh nochtadh amháin chun críche tar éis measúnú ar an eolas a fuarthas. Fuarthas an dara nochtadh go déanach i mí na Nollag 2018. Mar sin, leanfaidh measúnú an eolais sin isteach in 2019.

## **Gearáin i dtaobh na Seirbhíse**

Ní bhfuair an QQI aon ghearán i dtaobh na seirbhíse in 2018.

## **Comhaontuithe maidir le Maoirsiú agus Seachadadh Feidhmíochta**

Tuairiscíonn an QQI ar a thorthaí lena roinn tuismitheora, an Roinn Oideachais agus Scileanna, trí Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta. Is riachtanas é seo faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Tá nasc ann idir an Comhaontú Seachadta Feidhmíochta, a cheaptar agus a aontaítear gach bliain, le cuspóirí i bPlean Corparáideach an QQI atá bunaithe ar Ráiteas Straitéis 2016-2018 an QQI. Bhí cruinnithe ag an QQI leis an Roinn ar an 21 Márta, an 26 Meitheamh agus an 11 Nollaig 2018 chun dul chun cinn faoin gComhaontú Seachadta Feidhmíochta a athbhreithniú.


Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, ceanglaítear ar Ranna Rialtais Comhaontuithe Maoirseachta scríofa a bheith i bhfeidhm acu le Gníomhaireachtaí Stáit faoina gcoimirce. Is gnách do na Comhaontuithe Maoirseachta seo tréimhse trí bliana a chlúdach. Shínigh Príomhfheidhmeannach an QQI agus an Ard-Rúnaí Ionaid ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna an Comhaontú Maoirseachta le haghaidh 2018-2021. Athbhreithnítear an Comhaontú Seachadta Feidhmíochta agus na Comhaontuithe Maoirseachta ar bhonn bliantúil.

## **Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2018**

I Lúnasa 2018 a foilsíodh an Bille seo. Faoina fhorálacha cumasófar don QQI Marc Idirnáisiúnta Oideachais a thabhairt isteach don ardoideachas agus do mhúineadh an Bhéarla, cáilíochtaí i gcás raon leathan comhlachtaí dámhachtana a chuimsiú sa CNC; scrúdú níos géire a dhéanamh ar an bpróifíl chorparáideach agus ar chumas airgeadais na soláthraithe príobháideacha agus ciste cosanta d'fhoghlaimoírí a bhunú. Chuir an QQI fáilte roimh an mBille agus cuireadh tuairimí isteach mar fhreagairt ar ghairm ó Chomhchoiste Oideachais agus Scileanna an Aire i nDeireadh Fómhair. Tugadh an Bille isteach sa Seanad agus chuaigh sé ar aghaidh go dtí Céim an choiste i mí na Nollag 2018. Tá tús curtha ag feidhmeannacht an QQI leis an bpleanáil chun an Bille a chur i bhfeidhm nuair a dhéantar dlí de.










**QQI**

Quality and Qualifications Ireland  
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann



26/27 Denzille Lane, Dublin 2, D02 P266, Ireland  
t +353 1 905 8100  
@QQI\_connect  
www.QQI.ie